

Ag teagasc páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi na coincheapa 'poiblí' agus 'príobháideach'

Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag an ábhar tacaíochta cuidiú leat chun na coincheapa 'poiblí' agus 'príobháideach' a theagasc. Cé go bhfuil sé tábhachtach do gach páiste na coincheapa seo a thuiscint, d'fhéadfadh go dteastódh teagasc ar leith agus leanúnach/rialta ó pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ionas go n-aithneoidh céard iad na baill dá gcorp a mheastar atá 'príobháideach' agus na hiompraíochtaí a mheastar atá inghlachta sa saol poiblí agus iad siúd nach bhfuil inghlachta. Tá sé tábhachtach go dtuigeann páistí an difríocht idir an méid atá feiliúnach sa saol poiblí agus in áiteanna príobháideacha ionas go mbeidh siad in ann déileáil le cásanna sóisialta agus le bheith sábháilte. Tá an t-ábhar tacaíochta dírithe go príomha ar mhúinteoirí a oibríonn i scoil speisialta nó i ranganna speisialta, ach d'fhéadfadh go mbeidh an t-ábhar tacaíochta seo cabhrach do mhúinteoirí atá ag obair i scoil phríomhshrutha le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá sé tábhachtach go gcuimhnítear nach mar a chéile réimse aoise na bpáistí i scoil speisialta agus réimse aoise na bpáistí i scoil phríomhshrutha. Mar sin, ba cheart na smaointe agus na heispéiris foghlama san acmhainn seo a mheas i dtaobh riachtanais spéiseanna, aois agus céim ar leith na bpáistí agus a dtuismitheoirí, an phobail scoile níos leithne agus do bheartas OSPS agus OCG na scoile.

Céard atá i gceist againn le 'poiblí' agus le 'príobháideach'?

Is áiteanna a roinnimid le daoine eile iad áiteanna poiblí. Is áiteanna iad seo ina bhfuiltear in ann a méid a dhéanann duine a fheiceáil agus an méid a labhraíonn duine a chloisteáil. Roinnt samplaí de spásanna poiblí ná an seomra ranga, an siopa, an phictiúrlann, bialanna, srl. Is spásanna iad spásanna príobháideacha nach bhfuil daoine eile in ann thú a fheiceáil nó a chloisteáil. Samplaí




Forléargas ó thaighde

Tá OSPS bunaithe ar riachtanais an pháiste. Nuair atá clár OSPS á phleanáil, tá sé riachtanach go dtugtar tús áite do riachtanais an pháiste agus go dtugtar a t(h)impeallacht faoi deara. Ba cheart go ndéanfaí athruithe feiliúnacha taobh istigh den churaclam chun freastal ar riachtanais aonair agus ar chásanna aonair scoile (OSPS Treoirínite do Mhúinteoirí, 1999). Ba cheart go gcuirfí ar chumas páistí ag gach leibhéal ranga athruithe agus suíomhanna a bhaineann leo ina saol a fhiosrú agus chun scrúdú a dhéanamh ar na bealaí feiliúnacha chun déileáil leis na hathruithe céanna (OSPS Treoirínite do Mhúinteoirí, 1999, lch. 12).

de spás príobháideach ná; do sheomra codlata nó do sheomra folctha (agus an doras dúnta). Nuair atáthar ag teagasc páistí faoi na coincheapa a bhaineann le 'poiblí' agus 'príobháideach' tá sé tábhachtach roinnt modhanna rannpháirtíochta agus cur in iúl (féach ar an ábhar tacaíochta 'Rudaí le meas le haghaidh Oideachas ar Chaidreamh agus ar Ghnéasacht a mhúineadh do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu'). Bain úsáid as friotal atá soiléir agus inrochtana agus straitéisí amhairc ar nós pictiúr, físeán, grianghraf, rólímirt, nó teicnící nithiúla eile. Déan iarracht an fhoghlaim a dhéanamh chomh comhthéacsúil agus is féidir, mar shampla, nuair atáthar ag úsáid grianghraf d'fhíoráiteanna a bhfuil cur amach ag na leanaí orthu. D'fhéadfá fiafraí de na tuismitheoirí grianghraif a ghlacadh de sheomra codlata agus de sheomra folctha an pháiste gur féidir leat a úsáid agus tú ag teagasc faoin ábhar ar scoil. Tabhair faoi deara go bhfuil sé tábhachtach cloí le Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) maidir le húsáid na ngrianghraf de dhaoine.

Ag teagasc páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi na coincheapa ‘poiblí’ agus ‘príobháideach’

Machnamh an mhúinteora:



- An féidir leat cuimhneamh ar aon uair a theastaigh uait teagasc go díreach faoin gcoincheap ‘poiblí’ agus ‘príobháideach’? Más féidir, cén chaoi a ndeachaigh tú i ngleic leis?

Forléargas an tuismitheora



Bhí an scoil an-soiléir ón tús faoin teanga a úsáidtear le haghaidh baill choirp ó na naíonáin shóisearacha ar aghaidh. Bhí sé seo ina chabhair dom ó tharla go rabhamar in ann úsáid a bhaint as an teanga sin a úsáidtear sa bhaile agus a chinntiú go labhraítear an teanga sin leis an bpáiste agus é/í óg. Is dócha nach rud é a dhéanfaimis mura ndeachaigh an scoil i dteagmháil linn, toisc go mbainfimis úsáid as ‘caint neamhfhoirmeálta’ nó teanga níos páistiúla chun cur síos a dhéanamh ar bhaill phríobháideacha an choirp sa bhaile.

Príobháideach

Is iompraíochtaí iad iompraíochtaí príobháideacha gur cheart duit a dhéanamh leat féin nó, i gcás a bhfuil gníomhaíocht ghnéasacht i gceist, le páirtí a thoilíonn in áit phríobháideach (féach an t-ábhar tacaíochta ‘Ag múineadh faoin toiliú’ le haghaidh tuilleadh eolais). D’fhéadfadh sé gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas sula dtosódh tú ag teagasc ceachtanna faoin gcoincheap ‘príobháideach’.

- **Baill choirp atá príobháideach:** Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach na hainmneacha cearta ar a mbaill choirp ar fad a mhúineadh do pháistí, lena n-áirítear a mbaill choirp atá ‘príobháideach’. Nuair a bheidh a fhios ag páistí na hainmneacha cearta atá ar a mbaill choirp is féidir bogadh ar aghaidh go dtí na baill choirp a mheastar atá príobháideach. Bí ar an eolas go mbíonn dearcthaí éagsúla ar mhodhúlacht ag teaghlach éagsúla. Bealach amháin chun é seo a theagasc ná úsáid a bhaint as bábóga atá ceart i dtaobh na hanatamaíochta. Iarr ar na páistí na bábóga a ghléasadh ionas go mbeidh na baill choirp atá príobháideach clúdaithe. Bealach eile, ar mhol Wood é (2004), baineann sé le himlíne choirp a úsáid agus éadaigh a ghearradh amach ó iris chun na spásanna a mheastar atá príobháideach a chlúdach.
- **Bain úsáid as samplaí inaitheanta:** Nuair atáthar ag teagasc faoi iompraíochtaí príobháideacha bain úsáid as samplaí laethúla a mbeidh cur amach ag na páistí orthu (m.sh. gnáthaimh sláinteachais phearsanta ar nós cithfholcadh a ghlacadh). Is féidir gnáthaimh chúraim phearsanta a úsáid mar dheis teagaisc, inar féidir leis an CRS nó an múinteoir ranga tráchtairacht a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí. Téann an páiste i dtaithí ar na coincheapa poiblí/príobháideach ar an mbealach seo, chomh maith leis na hainmneacha cearta ar bhaill choirp an pháiste agus cosaint an pháiste, i gcur chuige comhthéacsúil agus leantach.
- **Cuimhnigh ar spásanna atá leathphríobháideach:** Is spásanna poiblí iad spásanna leathphríobháideacha atá le húsáid go príobháideach. Cuimsítear leis na samplaí, seomra folctha poiblí, seomra feistis le haghaidh linn snámha, srl. Bí soiléir go mb’fhéidir go mbeadh siad mar a bheadh spásanna príobháideacha iontu, ach roinntear iad le daoine eile agus, cosúil le spásanna poiblí, níl iompraíochtaí áirithe feiliúnach sna spásanna seo.

Ag teagasc páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi na coincheapa 'poiblí' agus 'príobháideach'

Ag baint úsáid as scéalta sóisialta chun páistí a theagasc faoi na coincheapa 'poiblí' agus 'príobháideach'

Is iad scéalta sóisialta ceann de go leor modheolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair chun na páistí i do rang a theagasc faoi na coincheapa 'poiblí' agus 'príobháideach'. Ní oibreoidh scéalta sóisialta le gach páiste agus d'fhéadfaidís a bheith neamhleor do roinnt páistí má úsáidtear iad mar mhodheolaíocht léi féin. Is féidir tabhairt faoi scéalta sóisialta ar dhá bhealach:

- Ar bhealach ginearálta, chun páistí a ullmhú le haghaidh athruithe agus cásanna sóisialta atá mar chuid nádúrtha den fhorbairt. Sa sampla seo is scoláire é Michael atá 17 mbliana d'aois a fhreastalaíonn ar scoil speisialta:

Michael is ainm dom. Uaireanta cuimhním ar ghnéas agus ar bhaill choirp atá príobháideach. Is iad sin mo smaointe príobháideacha. Tá sé ceart go leor cuimhneamh ar ghnéas agus ar bhaill choirp atá príobháideach. Déanfaidh mé iarracht gan mo chuid smaointe a roinnt le duine ar bith. Is féidir liom ceist a chur ar mham nó ar dhaid má tá mearbhall orm.

- Nó is féidir iad a scríobh mar fhreagairt ar chás dúshlánach chun réiteach a chur ar fáil do pháiste (féach an sampla thíos). Más rud é go bhfuil tú ag iarraidh dul i ngleic le cás dúshlánach, labhair leis an bpáiste, le tuismitheoirí an pháiste nuair is féidir agus le comhghleacaithe eile a oibríonn leis an bpáiste nuair is cuí chun eolas a bhailiú faoi dheacrachtaí an cháis sula ndéanfaidh tú iarracht scéal sóisialta a scríobh.

Is liomsa mo chorp, agus níl roinnt áiteanna le taispeáint. Tá sé ceart go leor a bheith nocht agus mé le folcadh a bheith agam mar tá mo sheomra folchta príobháideach. Ach nuair a théim ag snámh i linn snámha poiblí, caithim culaith shnámha a chlúdaíonn mo bhaill ghiniúna. Bainfidh mé mo chuid éadaí díom sa seomra sainithe gléasta sa linn snámha.¹

Tá sé tábhachtach go ndearnadh tuiscint an pháiste ar an scéal a sheiceáil sula rachaidh siad ar aghaidh chun

an scil a chleachtadh. Is féidir é seo a dhéanamh ar roinnt bealaí, mar shampla, trí fhormaid ceisteanna agus freagraí scríofa nó labhartha nó le seicliosta tuisceana. D'fhéadfaí úsáid na n-amharciómhanna cuidiú leis an bpáiste an scéal a thuiscint. Ba cheart go n-úsáidfí fíorghrianghraif, más féidir. Mar shampla, más faoin linn snámha áitiúil é an scéal sóisialta, is iad na grianghraif den linn snámha áitiúil a bheith is áisiúla². Nuair a seiceáladh tuiscint an pháiste, is féidir an sprioc-scil shóisialta a chleachtadh i gcomhthéacsanna agus i gcásanna a bhaineann leis an bhforshaol. Ba cheart an scéal sóisialta a léamh gar don suíomh inar dócha go mbeidh ar an bpáiste an sprioc-scil a úsáid, más féidir. Ag brath ar an dul chun cinn a dhéanann an páiste, is féidir an scéal a léamh níos annaimhe agus is féidir codanna de a bhaint amach de réir a chéile, rud a fhágann go bhfuil scéal níos simplí ag an bpáiste go dtí go mbeidh na scileanna cuí a theastaíonn lena aghaidh seo (agus cosúil leis) ina ghnáthamh.

An caidreamh idir príobháideachas agus toiliú

Réimse tábhachtach de phríobháideachas a thuiscint is ea go dtuigeann an páiste go bhfuil cumhacht air/uirthi ar a c(h)orp agus gur cheart go mbeadh meas ag daoine ar a c(h)heart ar thoiliú maidir le cé atá in ann a c(h)orp a fheiceáil nó cé atá in ann lámh a leagan ar a c(h)orp. D'fhéadfadh an páiste toiliú a thabhairt le fios ar go leor bealaí; mar shampla, trí ghothaíocht choirp (mar shampla claonadh a c(h)loigeann), é/í ag rá go dtugann sé/sí toiliú os ord, nó é/í ag úsáid cártaí cumarsáide, teanga chomharthaíochta, áiseanna amhairc, nó gléasanna atá in ann caint a dhéanamh ar nós ríomhairí. Chomh maith le gníomhaíochtaí príobháideacha a eiseamláiriú le linn gnáthaimh dlúthphearsanta cúraim ar scoil, taispeáin an nasc idir príobháideachas agus toiliú tríd an teanga a úsáideann tú agus trí na hidirghníomhaíochtaí a bhíonn agat leis an bpáiste.

Roinnt páistí a dteastaíonn go leor tacaíochta uathu, téann siad i dtaithí ar an bhfoireann scoile ag leagan lámh ar a gcorp chomh minic sin, agus nach n-aithneoidh siad go bhfuil a gcorp príobháideach nó gur leo iad. Chun teagasc faoi phríobháideachas agus ionas nach dtosóidh páiste ag smaoineamh ar an mbealach sin, ba

¹ Athraíodh na scéalta sóisialta seo ó shamplaí a thug Balázs agus Wolfe (2008).

² B'í airdeallach ar RGCS nuair atá grianghraif á n-úsáid.

Ag teagasc páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi na coincheapa ‘poiblí’ agus ‘príobháideach’

cheart go gcuirfeadh gach ball foirne i gcuimhne don pháiste nach bhfuil aon duine in ann lámh a leagan ar a c(h)orp gan a t(h)oiliú. Ba cheart duitse mar mhúinteoir agus ba cheart d’aon bhall foirne eile a oibríonn leis an bpáiste, iarradh toiliú air/uirthi go sonrach roimh aon theagmháil fhisiciúil de shaghas ar bith beag beann ar a mhíne agus a theastaíonn teagmháil fhisiciúil i gcaitheamh an lae. É sin ráite, tá cásanna ann ina dteastaíonn teagmháil fhisiciúil ó am go chéile (m.sh., ag tabhairt cógais, ag glanadh páiste a shalaih é/í féin, ag tabhairt páiste amach ó chás contúirteach, srl.), go fiú mura dtugann an páiste toiliú. Tá sé tábhachtach go cloítear le beartas do scoile agus do bhreithiúnach proifisiúnta a úsáid chun a chinntiú go mbeidh an páiste sábháilte i gcónaí. Nuair is ann do chásanna mar seo, bain úsáid as teanga chun míniú a thabhairt don pháiste ar an bhfáth go bhfuil tú ag déanamh teagmháil fhisiciúil in aghaidh a t(h)oilithe; “Tá a fhios agam go raibh tú ag iarraidh fanacht ansin, ach ní raibh sé sábháilte, agus bhí orm thú a bhogadh dá réir”. Ba cheart go ndéanfá comhlíonadh a chinntiú leis na beartais scoile ábhartha agus cuir chuige dá leithéid a thuairisciú má thagann a leithéid de chásanna chun cinn.

Cuir do chuid gníomhaíochtaí i bhfocail sula leagfaidh tú do lámh ar pháiste. Iarr ar an bpáiste le haghaidh toilithe. “An bhfuil sé ceart go leor má.../ An bhféadfainn...?”. Maidir le páistí a bhféadfadh nach mbeadh an cumas aige/aici cumarsáid a dhéanamh ó bhéal, bí ar an airdeall ar chomharthaí míshuaimhnis a thugann le fios nach bhfuil sé/sí ag iarraidh a t(h)oiliú a thabhairt. Má thaispeánann an páiste neamhsuaimhneas nó a deir nach dtugann sé/sí a t(h)oiliú, bíodh meas agat ar a m(h)ianta, má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh mar a luadh thuas. Taispeánfaidh sé seo go soiléir do pháistí go bhfuil cumhacht aige/aici ar a c(h)oirp féin agus go dtabharfaidh sé/sí cúnaimh duit nuair a thosóidh tú ag teagasc dó/di faoi phríobháideachas go sonrach.

Le haghaidh tuilleadh eolais féach ar an ábhar tacaíochta **Múineadh faoi thoiliú**.

Cén uair ba cheart duit an coincheap seo a chur i láthair?

Cuireann an curaclam OSPS ábhar i láthair ar bhealach a mheastar atá feiliúnach d’aois an pháiste agus dá staid forbartha. Moltar solúbthacht ionas go gcuirtear forbairt mhothúcháin an pháiste agus riachtanais agus spéiseanna aonair an pháiste san áireamh. Nuair atáthar ag teagasc faoi theorannacha a bhaineann le spásanna poiblí, cuimhnigh ar aois chroineolaíoch an pháiste agus tosaigh amach leis na riachtanais is láithrí atá ag an bpáiste.

Ag teagasc páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu faoi na coincheapa ‘poiblí’ agus ‘príobháideach’

An chéad chéim eile?

Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?



Foghlaim sa bhaile: Tá cumarsáid idir an baile agus an scoil fíorthábhachtach nuair atáthar ag teagasc faoin ábhar seo. D’fhéadfá machnamh a dhéanamh ar aontú ar theanga choitianta leis na tuismitheoirí faoi thopaicí in OSPS/OCG. Mar shampla, na hainmneacha cearta ar na baill choirp. Is féidir le tuismitheoirí cur le foghlaim an phaiste sa bhaile ar an mbealach seo.

Léitheoireacht Bhreise



[Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte Treoirlínte do Mhúinteoirí maidir le Mic léinn faoi Mhíchumais Éadroma Ghinearálta Foghlama](#)

[Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte Treoirlínte do Mhúinteoirí maidir le Mic léinn faoi Mhíchumais MEASARTHA Ghinearálta Foghlama](#)

[Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte Treoirlínte do Mhúinteoirí maidir le Mic léinn faoi Mhíchumais Ghéara agus Throma Ghinearálta Foghlama](#)

[Samplaí de scéalta sóisialta](#)

[Scéalta Sóisialta Carol Grey](#)

Tagairtí

Balázs, T. agus Wolfe, P. S. (2008) ‘Social Stories for Sexuality Education for Persons with Autism/Pervasive Developmental Disorder’, *Sex Disabil*, 26(1), lch. 29–36. doi: 10.1007/s11195-007-9067-3.

Gray, C. (2015) *Comparison of Social Stories 10.0-10.2 Criteria Social*.

CNCM (1999), *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Cliath.

OSPS *Treoirlínte do Mhúinteoirí de chuid CNCM* (1999), An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Cliath.

Wood, M. (2004) ‘Oideachas caidrimh agus gnéasachta do dhaoine a bhfuil siondróm Down orthu’, *Down Syndrome News and Update*. Down Syndrome Education International, 4(2), lch. 42–51.